# Aire a Thabhairt dár bPobal

Cuirimis na síolta don todhchaí ar féidir linn a bheith bródúil aisti!

Rang 3 agus 4


# Smaoinigh agus Pléigh

- Cad is brí le 'pobal'?
- Cad iad na pobail a bhfuil baint agat leo?
  (Smaoinigh ar do bhaile, do chlubanna, na háiteanna a dtaitníonn sé leat cuairt a thabhairt orthu)
- Cad a thaitníonn leat faoi do phobail?
- Conas a thugann tú cosaint nó aire do do phobal?
- Cad a mhothaíonn tú faoi a bheith páirteach i bpobal?Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach a bheith i bpobal?



an post

# Amharc ar a bhfuil ar siúl ag An Post chun aire a thabhairt dár bpobail



# Machnamh ar an bhFíseán

- Conas a fhágann An Post a lorg ar phobail?
- Cé air a mbíonn tionchar ag obair An Post?
- Conas a fhágann tusa do lorg ar do phobal?
- Cé hiad na daoine a gcabhraíonn tú leo? Cé hiad na daoine a mbíonn tú cineálta leo? Cén fáth?
- Cad eile is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le daoine eile i do phobal?
- Conas is féidir leat an lorg is mó agus is fearr a fhágáil ar do phobal?

# Focail Thábhachtacha

- Inbhuanaithe
- Bithéagsúlacht
- Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil







# Focail Thábhachtacha

- Aire
- Cothaigh
- Pobal
- Éagsúlacht
- Ionchuimsiú








# Conas is féidir linn ár bpobail a chothú?



# Inbhuanaithe







# Bithéagsúlacht








# Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil








an post


# Éagsúlacht agus Ionchuimsiú





# Léitheoireacht do Chách








an post

# Litir Shamplach







25/02/25

A chairde i Rang 3 agus 4,

Tá súil agam go bhfuil sibh slán agus i mbarr na sláinte. Bhí mé ag smaoineamh le déanaí ar na pobail áille a bhfuil mé páirteach iontu agus conas is féidir liom tionchar dearfa a imirt orthu. Bhí mé ag breathnú thart agus is mór an spreagadh dom an méid atá á dhéanamh ag daoine áirithe. Theastaigh uaim cuid de na smaointe breátha seo a roinnt libh agus athrú dearfa a spreagadh!

Fuair mé an chéad inspioráid ó mo chara Ruairí. Chruthaigh seisean "Clár Athchúrsála Ruairí" dá scoil. Chuir sé gach duine ag smaoineamh ar gach píosa dramhaíola sa scoil a athchúrsáil. Tugann sé comhairle chomh maith faoi ábhair a athúsáid - is é sin an fáth go bhfuil mise ag scríobh ar dhá thaobh an leathanaigh! Bhí mé ag smaoineamh ar threoir a chur le chéile do mo scoil chun an t-eolas go léir a d'fhoghlaim mé ó mo chara a roinnt agus na smaointe a chur i bhfeidhm i bpobal mo scoile féin.

Ar chuala sibh trácht riamh ar an inbhuanaitheacht? Spreag mo chara Greta pobal a scoile féin trí litir a scríobh agus é a roinnt le gach rang ina scoil. Roinn sí an litir le scoileanna eile ina baile dúchais chomh maith. Cad atá á mholadh ag Greta? Tig linn foghlaim faoi na hathruithe beaga is féidir linn a dhéanamh, ar nós bolgáin solais atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a úsáid agus fearais a mhúchadh nuair nach bhfuil gá leo, ar mhaithe le tionchar dearfa ar ár bpobail. Nuair a roinnimid na teachtaireachtaí seo lenár bpobail, is féidir leo a lán daoine a spreagadh agus difríocht mhór a dhéanamh.

an post

# Litir Shamplach

D'inis mo chara Ben dom faoin mbithéagsúlacht agus faoin gcaoi a bhfuil a Chlub Iarscoile ag smaoineamh ar bhealaí chun an éagsúlacht a chaomhnú sa chomhshaol. Dúirt sé liom gur féidir linn bláthanna fiáine a chur ionas go mbeidh na beacha in ann ceantair a phailniú, gan an féar a ghearradh chomh minic agus fiú ár nglasraí féin a fhás. Tá gairdín pobail i mo bhaile féin ina mbeidh mé in ann na smaointe sin a úsáid!

Tháinig an inspioráid dheireanach ó mo Mhamó... D'fhiafraigh sí díom an bhféadfainn a mhúineadh di conas an tIdirlíon a úsáid chun taighde a dhéanamh ar líne, agus smaoinigh mé ar na daoine scothaosta go léir nach mbeadh garpháiste acu le cabhrú leo. Labhair mé le mo mhúinteoir faoi scileanna a roinnt le daoine sa teach altranais áitiúil, agus thaitin an smaoineamh go mór léi! Anois bíonn scileanna á roinnt againn dhá lá sa tseachtain, agus tá daoine as gach rang páirteach! An tseachtain seo caite, thaispeáin mé d'fhear darbh ainm Páid conas físeáin gharraíodóireachta a aimsiú ar líne agus d'inis seisean scéalta dom faoin mbaile mar a bhí sé sular rugadh mé! Thaitin sé go mór liom níos mó a fhoghlaim faoi stair mo phobail.

Anois is fúibhse atá sé sonas a scaipeadh sa phobal – samhlaigh ár smaointe ag leathnú amach chuig gach cearn den phobal! Cad is féidir leat a dhéanamh chun gach duine a spreagadh le bheith páirteach? Cuirigí go léir bhur smaointe chugam.

Cuimhnigh air: is féidir athruithe móra a chruthú leis an ngníomh is lú. Nuair a chuirimid in iúl do dhaoine eile conas atá ár bpobail á gcothú againn, is ionadaithe muid ar son domhain níos fearr a bheidh lán de phobail ionchuimsitheacha chomhbhácha. Tá mé ag súil go mór le bhur dtuairimí iontacha a chloisteáil agus le feiceáil conas is féidir lenár ngníomhartha an domhan a athrú!

Slán tamall,
Marc Ó Grianna

# Ceisteanna

- Cé hiad na cairde atá ag Marc?
- Cad atá á mholadh ag cairde Mharc?
- Cén fhreagra a thabharfá do Mharc?
- Cé hiad na daoine ar chóir dóibh an pobal a chothú, dar libh? Cén fáth?
- Cad is féidir libh a dhéanamh chun bhur bpobal a spreagadh le bheith páirteach, dar libh?



an post